




# Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2016

## Tuairimí ón FRA

*In 2015, thionscain agus lean an tAontas Eorpach (AE) agus a chuid Ballstát don iliomad tionscnamh chun cearta bunúsacha a chosaint agus a neartú. I dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2016 ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), déantar achoimre agus anailís ar mhórfhorbairtí i réimse na gcearta bunúsach, agus aithnítear an dul chun cinn atá déanta agus na constaicí atá ann i gcónaí. San fhoilseachán sin, cuirtear i láthair tuairimí ón FRA maidir leis na príomhfhorbairtí sna réimsí téamachaa atá clúdaithe agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an gcaoi sin, tugtar forbheathnú gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá roimh AE agus na Ballstáit.*

### Ábhar

 Tearmann agus imirce isteach san Aontas Eorpach in 2015	2
1 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an leas a bhaineann na Ballstáit aisti	5
2 Comhionannas agus neamh-idirdhealú	7
3 Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar	9
4 Lánpháirtíú na Romach	11
5 An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí	13
6 Cearta an linbh	15
7 Rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta	17
8 Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas	19



## Tearmann agus imirce isteach san Aontas Eorpach in 2015

**Tháinig níos mó ná milliún duine chuig Ballstáit AE in 2015 ag iarraidh tearmainn, dúshlán nach raibh feicthe ag AE riamh roimhe seo. Cé nach ionann sin ach 0.2 % den daonra foriomlán, ba mhór an méadú é i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Thairis sin, agus thart ar 60 milliún duine ar domhan easáitithe in éadan a dtola de bharr géarleanúna, coimhlinte, foréigin fhorleathan nó sárúithe ar chearta an duine, is dócha go leanfaidh na gluaiseachtaí sin ar an scála céanna go ceann tamaill. Bíonn FRA ag díriú ar éifeachtúlacht na mbeart a ghlacann nó a mholann AE agus a chuid Ballstát chun an staid sin a bhainistiú, ag díriú ach go háirithe ar chomhlíonadh ceart bunúsach.**

### Tuairimí ón FRA

In 2015, tháinig breis is milliún teifeach agus imirceach — i gcomparáid le 200 000 in 2014 — chuig an Eoraip ar an bhfarraige, go háirithe chuig an nGréig agus an Iodáil. In ainneoin an mhéadaithe ar na hacmhainní tarrthála chun teorainneacha muirí a bhainistiú, tháinig tuilleadh méaduithe ar líon na mbásanna sa Mheánmhuir in 2015. Dar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), fuair 3 771 duine bás agus iad ag dul trasna na Meánmhara ar bháid a chuireann smuigléirí ar fáil nach raibh muiracmhainneach agus cuid mhór acu plódaithe.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le dínit an duine, an ceart chun na beatha agus an ceart chun sláine an duine arna ráthú le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chinntiú, is é tuairim FRA gur ceart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit dul i ngleic leis na contúirtí sin don bheatha díreach in aice na hEorpa. Chun deireadh a chur leis an líon mór básanna ar an bhfarraige, d'fhéadfaidís breithniú a dhéanamh ar obair a dhéanamh i dtreo cur chuige uileghabhálaigh, ina mbeadh gach Stát agus gníomhaí páirteach, agus bearta a ghlacadh ar bhonn chonclúidí an Chruinnithe Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, a reáchtáladh in Iostanbúl an 23 agus an 24 Bealtaine 2016. Ina theannta sin, d'fhéadfaidís tograí de chuid FRA a bhreithniú, mar a leagtar amach ina thuarascáil maidir le teorainneacha muirí dheisceart na hEorpa, agus an chaoi ar féidir an ceart chun na beatha a urramú i gcomhthéacs na mara, go háirithe, cinntiú go bhfuil na báid patróil ó gach náisiún rannpháirteach feistithe le dóthain uisce, blaincéad agus gléasra eile garchabhrach.*

Faoi láthair, is bealaí teoranta amháin atá á gcur ar fáil ag AE do dhaoine chun teacht isteach sa chríoch go dleathach. Dá bhrí sin, bíonn rioscaí nach bhfuil gá leo ag baint leis an turas chun na hEorpa, go háirithe i gcás ban, páistí agus daoine leochaileacha ar ceart cosaint a thabhairt dóibh. Tá fianaise shoiléir ann go mbíonn smuigléirí ag teacht i dtír ar na grúpaí sin agus ag tabhairt drochíde dóibh.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le hinimirce neamhdhlíthiúil chuig AE, measann FRA gur cheart do Bhallstáit AE breithniú ar athlonnú a thairiscint, nó cead isteach ar fhoras daonnúil nó scéimeanna eile sábháilte a chur ar fáil chun bealaí isteach dleathacha chuig AE a éascú do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uathu. Ba cheart go mbeadh an deis acu páirt a ghlacadh ina leithéid de scéimeanna in áiteanna ina bhfuil rochtain acu orthu. Ar mhaithe leis an gceart chun saol teaghlaigh arna chosaint le hAirteagal 7 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú, agus na rioscaí a bhaineann le teacht isteach neamhdhleathach do dhaoine atá ag iarraidh a bheith in éineacht a dteaghlach a chosc, is gá constaicí praiticiúla agus dlíthiúla a chuireann cosc nó moill nach beag ar athaontú teaghlach a shárú, gan constaicí nua a chruthú.*

Cé go bhfuil bearta éifeachtacha ag teastáil chun smuigléireacht daoine a chomhrac, tá baol ann go gcuirfean an dlí ar dhaoine macánta atá ag iarraidh cabhrú le himircigh. Saoránaigh a bhíonn ag cabhrú le teifigh chun teacht ar thearmann nó bogadh ar aghaidh chuig an sprioc acu, mar shampla trí thicéid traenach a cheannach nó síob a thabhairt dóibh, ba cheart déileáil leo mar chuid den réiteach seachas



cuid den fhadhb. I gcás beart lena bhféadfaí pionós a chur ar na teifigh féin, d'fhéadfadh fadhbanna a bheith i gceist leis sin faoin bhforáil maidir le neamhphionósú in Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (NA) i dtaobh Stádas Dídeanaithe.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán aitheanta, measann FRA, mar a fhógraítear i bPlean Gníomhaíochta AE chun smuigléireacht imirceach a chosc, gur cheart reachtaíocht ábhartha AE a mheas agus a athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol go ndéanfaí, go neamhbheartaithe, coirpigh de dhaoine a chuireann cúnaimh daonnúil ar fáil nó go gcuirfí pionós ar thacaíocht chuí d'imircigh i staid neamhdhleathach.*

I ngeall ar an mbrú atá ar AE leis an imirce, glacadh bearta nua, lena n-áirítear fála a thógáil ar theorainneacha talún, diúltú achomair, nósanna imeachta tapúla agus próifiliú ar bhonn náisiúntachta. Cé go dtuigtear go forleathan in AE gur cheart dúinn an cosc ar *refoulement* a urramú, tá éiginnteacht dhlíthiúil sa dlí atá á fhorbairt sa réimse seo, mar a léiríodh ag Comhdháil FRA ar Chearta Bunúsacha sa Róimh in 2014. In éagmais mheasúnú ar chásanna aonair agus leigheas éifeachtach in aghaidh an chinnidh, d'fhéadfadh aon chineál gníomhaíochta chun grúpaí a aistriú nó a idirghabháil ar muir a bheith ina dhíbirt chomhchoiteann éifeachtach. In Airteagal 19 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 4 de Phrótocal 4 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) araon, cuirtear cosc ar a leithéid d'imeachtaí, agus chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) go bhfuil cosc ar bhearta den sórt sin infheidhme ar an mórmhuir freisin.

#### Tuairimí ón FRA

*Lena chinntiú go n-urramaítear an ceart chun tearmainn arna ráthú ag Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, measann FRA gur cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit a chinntiú nach sáraíonn a mbeartais bainistíochta teorainneacha agus inimirce prionsabal neamh-refoulement agus an cosc ar ionnarbadh comhchoiteann. Ní mór an cosc ar refoulement a urramú mar dhearbphrionsabal i mbearta reachtaíochta agus beartais araon, agus iad á gcur chun feidhme. Measann FRA go bhfuil treoir níos mionsonraí ag teastáil maidir leis an gcaoi inar féidir an riosca maidir le sárú phrionsabal an non-refoulement a mhaolú chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nua, amhail iad siúd a eascraíonn as fála a thógáil nó idirghabháil ar muir nó comhar níos dlúithe le tríú tíortha maidir le bainistiú teorainneacha.*

Ar ócáidí éagsúla in 2015, i roinnt mhaith Ballstát, tugadh faoi deara go raibh teifigh ag maireachtáil i ndálaí uafásacha agus iad ag dul chun donais. De réir Airteagal 18 den Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, ní mór caighdeán maireachtála ceart a chinntiú d'iarrthóirí tearmainn le linn an ama a theastaíonn chun scrúdú a dhéanamh ar a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Cé nach bhfuil feidhm ag an Treoir ach amháin nuair a bhíonn iarratas déanta ag an duine ar chosaint idirnáisiúnta, tá cuid mhór dá bhforálacha ag teacht le caighdeán dlí maidir le cearta an duine agus teifeach atá ina cheangal dlí ar Bhallstáit AE a luaithe is a thagann an teifeach isteach i gcríoch an Stáit.

Éilíonn Airteagal 18 (4) den Treoir ar Bhallstáit "bearta cuí a ghlacadh chun ionsaithe agus foréigean ar bhonn inscne a chosc, lena n-áirítear ionsaí gnéasach agus ciapadh gnéasach", i saoráidí a úsáidtear chun iarrthóirí tearmainn a óstáil. Tá neart fianaise ann ar mhná a bhraith go raibh siad i mbaol i limistéir idirthurais agus campaí in 2015. Maidir le leanaí gan tionlacan, éilíonn Cairt um Chearta Bunúsacha AE go mbeidh ag leanaí cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail a thabhairt dóibh. Mar sin féin, tá na mílte leanaí gan tionlacan ar iarraidh ó shaoráidí lóistín i mBallstáit AE, bhí cuid eile acu faoi choimeád agus scaradh leanaí eile óna muintir agus iad ag dul trasna teorainneacha nó ar mhodhanna iompar. Is de bharr an lín mhór teifeach agus an meascán mearaí córas fáiltithe d'iarrthóirí tearmainn a tharlaíonn a leithéid d'easnamh. Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí cé acu institiúidí de chuid AE nó sna Ballstáit atá freagrach as seo — agus tá sé i gceist ag an gCoimisiún Eorpach aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin go luath in 2016 i *gCumar-sáid maidir le seasamh cúrsaí cur chun feidhme gníomhaíochtaí tosaíochta faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce*.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh aitheanta, is é tuairim FRA go bhféadfadh AE breithniú a dhéanamh ar na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le heintíteas AE a cheapadh chun próiseáil fhadtearmach náisiúnta ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh in ionad na n-údarás náisiúnta. De réir a chéile, d'fhéadfaí córas a thógáil ar bhonn caighdeáin chomhchoiteanna. Mar chéad chéim, agus cistiú AE á úsáid mar is ceart, d'fhéadfaí bealaí chun próiseáil chomhchoiteann ón Aontas Eorpach agus a Bhallstáit a scrúdú chun nósanna imeachta agus caighdeáin cosanta comhchoiteanna a chur chun cinn, ar bhonn Chairt um Chearta Bunúsacha AE.*

*Dá ndéanfaí measúnú cuimsitheach ar chearta bunúsacha ag teophointí sa Ghréig agus san Iodáil, ag gach céim ó dhíbhordáil, an chéad fháiltiú,*

*scagthástáil, athlonnú chuig tearmann agus filleadh, chabhródh sé sin chun na heasnamh maidir le cosaint a líonadh a bhfuil tionchar ar leith acu ar na daoine is leochaili.*

*Léiríonn an fhianaise nach mbíonn córais náisiúnta chun leanaí a chosaint comhtháite i bpróisis agus nósanna imeachta tearmainn agus imirce a bhfuil baint acu le leanaí i gcónaí. Ní mór níos mó a dhéanamh chun na heasnamh atá ann faoi láthair maidir le cosaint a chúiteamh agus na gníomhaithe ábhartha go léir a spreagadh chun oibriú as lámh a chéile chun teifigh leanaí a chosaint, agus go háirithe, aghaidh a thabhairt ar leanaí gan tionlacan ag dul ar iarraidh.*

Maidir le himircigh neamhdhleathacha ar tugadh ordú dóibh an tAontas Eorpach a fhágáil in 2014, tugtar le fios sna staitisticí gur fhág níos lú ná 40 % acu. Bíonn cúiseanna praiticiúla nó cúiseanna eile ann nach féidir daoine nach bhfuil an ceart faighte acu fanacht in AE a fhilleadh. I measc na gconstaicí, d'fhéadfadh easpa comhair leis an tír bhunaidh (ar nós diúltú chun doiciméid aitheantais agus taistil a eisiúint) a bheith i gceist nó daoine gan Stát. Éilíonn an creat idirnáisiúnta agus Eorpach um chearta an duine go dtabharfaí rochtain do na daoine sin ar sheirbhísí bunúsacha, lena n-áirítear cúram sláinte. Is maith an infheistíocht é rochtain a éascú ar chúram sláinte d'imircigh neamhdhleathacha sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma i réimsí ar nós galair theagmhálacha a rialú, mar a léiríonn taighde FRA. Caithfear coimeád neamhdhleathach agus treallach a sheachaint, agus níl leas iomlán á bhaint as filleadh. Ní constaic é cearta an duine a urramú ach a mhalairt, is féidir leis a bheith ina bhunchloch chun beartais fillte a cheapadh.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le drochíde daoine a fhilltear in éadan a dtola a chosc, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar mheicníochtaí éifeachtacha monatóireachta a bhunú maidir le himircigh neamhdhleathacha a fhilleadh. Cabhraíonn bearta um chosaint cearta*

*bunúsacha le héifeachtacht agus daonnúlacht na nósanna imeachta fillte a chinntiú, trí leas a bhaint as roghanna nach bhfuil chomh dian leis an gcoinneáil agus tacú le filleadh saorálach atá níos inbhuanaithe, seachas filleadh éigeantach. Is féidir leas a bhaint as cearta bunúsacha chun intuarthacht na nósanna imeachta a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar cheist na ndaoine nach féidir a bhaint as. I gcás imirceach i staid neamhdhleathach a bhfuil cónaí orthu in AE, d'iarr FRA ina dtuarascálacha roimhe seo ar Bhallstáit cearta na n-imirceach a urramú go huile is go hiomlán faoin dlí idirnáisiúnta agus faoin dlí Eorpach um chearta an duine, cibé acu an bhfuil an ceart chun cúraim sláinte nó teidlíochtaí eile dlíthiúla i gceist.*

Tá gach seans go bhfanfaidh cuid nach beag d'imircigh agus teifigh a tháinig chuig AE, agus tá cuid mhór acu i dteideal cosaint idirnáisiúnta. Mar gheall ar na cúinsí ina dtíortha tionscnaimh, ní dócha go mbeidh an rogha acu filleadh go ceann tamaill. Is mór an dúshlán do shochaithe in AE lánpháirtíocht agus rannpháirtíocht na ndaoine sin sa tsochaí a chinntiú trí chaidreamh síochánta agus cuiditheach sa phobal. Is féidir le lánpháirtíú rathúil imirceach nua agus teifeach tacú le fás agus forbairt chuimsitheach chaipiteal daonna AE agus na luachanna daonnúla dá seasann an tAontas Eorpach ar fud an domhain.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le lánpháirtíocht imirceach agus teifeach a chinntiú sa tsochaí gan mhoill, is é tuairim FRA go bhféadfadh Ballstáit AE breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú ar a gcuid straitéisí um lánpháirtíocht agus bearta ar bun Bhunphrionsabail Chomhchoiteanna AE maidir le Beartais Lánpháirtíochta Imirceach in AE. Ba cheart dóibh réitigh éifeachtacha agus inbhraite a chur ar fáil, go háirithe ar leibhéal áitiúil chun cóir chomhionann agus maireachtáil le chéile a chur chun cinn, agus cearta bunúsacha a urramú.*

# 1 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an leas a bhaineann na Ballstáit aisti

**Ó dheireadh 2009 i leith, tá “Bille na gCeart” dá chuid féin ag AE: Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar chomhlánú ar chearta an duine náisiúnta agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Má tá cearta an duine náisiúnta agus oibleagáidí faoi ECHR ina gceangal ar Bhallstáit AE maidir le gach beart a dhéanann siad, níl an Chairt ina cheangal orthu ach amháin agus iad ag gníomhú laistigh de réimse dlí AE. Cé go leagann AE béim ar an ról rithábhachtach atá ag gníomhairí náisiúnta chun an Chairt a chur chun feidhme, áitíonn sé freisin go bhfuil gá ann feacht a mhúscaill i measc cleachtóirí dlí agus an lucht déanta beartais chun leas iomlán a bhaint as an gCairt. Mar sin, scrúdaíonn FRA úsáid na Cairte ar leibhéal náisiúnta.**

## Tuairimí ón FRA

De réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, bíonn Cairt um Chearta Bunúsacha AE ina cheangal ar Bhallstáit AE agus iad ag gníomhú laistigh de réimse dlí AE. In 2015, lean na cúirteanna náisiúnta orthu ag déanamh trácht don Chairt gan argóint loighciúil a thabhairt faoi na cúiseanna a bhfuil feidhm aici i gcúinsí sonracha an cháis; tá an treoht sin ag teacht le torthaí FRA ó na blianta roimhe seo. Uaireanta, ghair na cúirteanna an Chairt i gcásanna nach mbaineann le réimse dlí AE. Ach tá líon beag cásanna ann chomh maith ina rinne na cúirteanna anailís mhionsonraithe ar bhreisluach na Cairte.

### Tuairimí ón FRA

*D’fhonn an leas a bhaintear as Cairt um Chearta Bunúsacha AE a mhéadú agus úsáid níos comhionainne a chothú ar fud na mBallstát, is é tuairim FRA go bhféadfadh an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát tuilleadh malartú faisnéise a spreagadh maidir le taithí agus cineálacha cur chuige idir breithimh agus cúirteanna laistigh de na Ballstáit, ach thar teorainneacha náisiúnta chomh maith, agus an leas is mó a bhaint as na deiseanna maoinithe atá ann faoin gClár Ceartais. Chabhródh an méid sin le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na Cairte a chinntiú.*

De réir Airteagail 51 (raon feidhme) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, caithfidh reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme dlí AE a bheith ag teacht leis an gCairt. Ach bhí ról na Cairte teoranta fós sna próisis reachtaíochta ar leibhéal náisiúnta: ní gné shainráite ná rialta í de

na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm chun dlíthiúlacht nó tionchar na reachtaíochta molta a mheas, cé go mbíonn ionstraimí náisiúnta um chearta den duine mar chuid de na nósanna imeachta sin i gcónaí.

### Tuairimí ón FRA

*Is é tuairim FRA gur cheart do na cúirteanna náisiúnta, agus iad ag déanamh breithniú, agus do rialtais agus/nó parlaimintí agus iad ag déanamh measúnú ar thionchar agus dlíthiúlacht na dréacht-reachtaíochta, measúnú Airteagail 51 (raon feidhme) níos comhsheasmhaí a dhéanamh ag céim luath maidir le cibé acu an ardaíonn cás cúirte nó píosa reachtaíochta ceisteanna faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá ndéanfaí forbairt ar threoirleabhair chaighdeánaithe maidir leis na céimeanna praiticiúla chun infheidhmeacht na Cairte a dheimhniú – i láthair na huaire, níl a leithéid ar fáil ach i ndornán Ballstát – uirlis a bheadh ann do chleachtóirí dlí chun measúnú éifeachtúil a dhéanamh ar ábharthacht na Cairte i gcás cúirte nó píosa reachtaíochta.*

Faoi Airteagal 51 de Chairt um Chearta Bunúsacha AE, tá sé d’oibleagáid ar Bhallstáit AE na prionsabail agus na cearta arna leagan síos sa Cheart a urramú agus a chomhlíonadh, agus freisin, tá oibleagáid orthu na prionsabail agus na cearta sin a “chur chun cinn” go gníomhach. I bhfianaise an méid sin, bheifí ag súil le tuilleadh beartas chun an Chairt agus na cearta lena mbaineann a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta. Níl ach líon teoranta beartas agus gníomhaíochtaí oiliúna maidir leis an gCairt ann, mar a léiríonn torthaí 2015 FRA. Ós rud é go mbaineann

níos lú ná leath na seisiún oiliúna le cleachtóirí dlí, tá riachtanas ann iad a chur ar an eolas faoin gCairt ar bhealach níos fearr.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le hurraim na cearta bunúsacha arna ráthú i gCairt um Chearta Bunúsacha AE a threisiú, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE tionscnaimh beartais níos réamhghníomhaí a dhéanamh mar bhreis ar a gcuid iarrachtaí. D'fhéadfaí an-bhéim a chur ar oibleagáidí na Cairte a thabhairt isteach i reachtaíocht a bhaineann leis an Aontas Eorpach. Agus d'fheadfaí beartais a cheapadh díreach chun feasacht a mhúscailt maidir le cearta na Cairte i measc ghrúpaí áirithe; lena n-áirítear modúil oiliúna sainiúla sna curaclaim náisiúnta do bhreithimh náisiúnta agus cleachtóirí eile dlí. Mar a áitíodh in 2014, moltar oiliúint maidir leis an gCairt a neadú sa chreat níos forleithne um chearta an duine, lena n-áirítear ECHR agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR).*



## 2 Comhionannas agus neamh-idirdhealú

***Tá tiomantas AE chun idirdhealú a chosc, cóir chomhionann agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn le feiceáil i bhforbairtí dlí, bearta agus gníomhaíochtaí beartais a ghlac a chuid institiúidí agus Ballstáit in 2015. Ach ag deireadh na bliana, ní raibh an Treoir um Chóir Chomhionanna glactha fós. Dá thoradh sin, níorbh ionann an chosaint a chuireann reachtaíocht AE ar fáil i réimsí éagsúla an tsaoil agus le haghaidh tréithe éagsúla cosanta, rud a chothaíonn ordlathas i measc na bhforas cosanta in aghaidh an idirdhealaithe.***

### Tuairimí ón FRA

Cé go bhfuil bonn dlí seasmhach ar fáil don Aontas Eorpach chun an t-idirdhealú a chomhrac, is í an fhírinne go bhfuil ordlathas foras á fheidhmiú ag AE maidir le cosaint in aghaidh an idirdhealaithe. Leis na Treoracha maidir le comhionannas inscne nó ciníocha, cuirtear cosaint chuimsitheach ar fáil in aghaidh an idirdhealaithe ar fhorais inscne nó bunús ciníoch nó eitneach in AE. Ach níl cosc ar idirdhealú ar fhoras reiligiúin nó creidimh, aois nó gnéaschlaonadh ach amháin sna réimsí fostaíochta, na hoiúna gairme agus gairmiúla faoin Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta. Ba é 2015 an seachtú bliain d'idirbheartaíocht maidir le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle chun prionsabal an chomhionannais a chur i bhfeidhm beag beann ar mhíchumas, aois nó gnéaschlaonadh — an Treoir um Chóir Chomhionann. Faoi dheireadh na bliana, ní raibh gach comhalta den Chomhairle ar aon intinn faoin Treoir, mar is gá lena ghlacadh.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le cosaint níos comhionainne in aghaidh idirdhealaithe thar réimsí an tsaoil a chinntiú, is é tuairim FRA gur cheart do reachtóir AE gach bealach féideartha a bhreithniú lena chinntiú go nglacfar an Treoir um Chóir Chomhionann gan a thuilleadh moille. Ach an treoir sin a ghlacadh, cinnteofar go dtugann AE agus na Ballstáit cosaint chuimsitheach in aghaidh idirdhealú ar fhorais inscne, bunaidh chiníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aois nó gnéaschlaonadh ar bhonn comhionannais.*

I mbliana, rinneadh dul chun cinn maidir le cosaint in aghaidh idirdhealú ar fhorais inscne, lena n-áirítear athailíniú inscne, reiligiún nó creideamh, míchumas, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Is tréithe cosanta iad sin ar fad faoi na Treoracha maidir le Comhionannas Inscne agus faoin Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta, seachas féiniúlacht

inscne agus athailíniú inscne. Cé nach tréith chosanta shainráite é an comhionannas inscne faoi dhlí AE, tá cosc ar idirdhealú a dhéanamh i ngeall ar athailíniú inscne faoin Treoir 2006/54/CE maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais agus na córa comhionann fear agus ban maidir le ceisteanna fostaíochta agus gairme (athmhúnlú). In dhá Bhallstát, is beag nach ionann anois an pháirtneireacht shibhialta a tugadh isteach agus pósadh, seachas do chúrsaí uchtaithe, agus rinneadh an pósadh lánúin chomhghnéis féin dleathach i mBallstát amháin. Rinneadh athchóiriú ar idirdhealú ar fhoras comhionannais inscne i mBallstáit eile. Ghlac roinnt Ballstát bearta chun an difreálach pá idir na hinscní a mhaolú. Don chéad uair, tarchuireadh ceisteanna maidir le hidirdhealú ar fhoras reiligiúin agus creidimh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) le haghaidh réamhrialaithe. Thug roinnt Ballstát isteach cuóta maidir le fostaíocht daoine faoi mhíchumas.

#### Tuairimí ón FRA

*D'fhonn cosaint níos comhionainne in aghaidh idirdhealaithe a chinntiú, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar chosaint in aghaidh idirdhealaithe a leathnú amach go réimsí eile an tsaoil, amhail iad siúd atá clúdaithe faoin Treoir um Chóir Chomhionann. Dá ndéanfaidís an méid sin, rachaidís thar na bunriachtanais a leagtar síos i reachtaíocht AE atá ann faoi láthair i réimse an chomhionannais, amhail na Treoracha Comhionannais Inscne, an Treoir um Chomhionannas Fostaíochta nó an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha.*

Ach leanúint de bhearta a fheidhmiú chun déileáil le hiarmhairtí sóisialta an daonra atá ag dul in aois, rinne Ballstáit AE a gcuid féin chun an ceart chun cóir chomhionann faoi dhlí AE a chur chun feidhme. Léiríonn moltaí tír-shonracha a rinne an Coimisiún Eorpach leis na Ballstáit mar chuid den Seimeastar Eorpach 2015 go bhfuil institiúidí AE ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta an daonra

atá ag dul in aois. Bhain na moltaí tír-shonracha le hóg-dhífhostaíocht, rannpháirtíocht daoine aosta i margadh an tsaothair agus soghontacht d'ídirdehalú ar fhorais éagsúla, a bhaineann le hAirteagal 23 maidir le ceart daoine aosta chun cosaint shóisialta faoi Chairt Shóisialta na hEorpa (Athbhreithnithe), chomh maith le roinnt forálacha i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Airteagal 15 maidir leis an gceart chun obair a dhéanamh; Airteagal 21 maidir le neamh-idirdhealú; Airteagal 29 maidir le rochtain ar sheirbhísí sócrúcháin; Airteagal 31 maidir le dálaí oibre cothroma agus córa; Airteagal 32 maidir le cosaint daoine óga ar an obair; agus Airteagal 34 maidir le slándáil shóisialta agus cúnaimh sóisialta.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe leis an gceart chun neamh-idirdhealú arna ráthú ag Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú go héifeachtach, is é tuairim FRA gur cheart d'institiúidí AE tagairt shainráite a dhéanamh don cheart bunúsach chun neamh-idirdhealaithe agus athchóirithe struchtúrtha á moladh sna moltaí tír-shonracha sa Seimeastar Eorpach, go háirithe agus combhionannas inscne agus neamh-idirdhealú á gcur chun cinn, chomh maith le cearta an linbh. Is é tuairim FRA go neartódh an cur chuige sin na bearta a leagadh síos agus go ndéanfaí feasacht a mhúscailt maidir leis an ngné cearta bunúsach a bhaineann le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.*





### 3 Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar

**Nuair a léirítear ciníochas, seineafóibe agus an éadulaingt a ghabhann leo, déantar cearta an duine a shárú. In 2015, tháinig mothúcháin sheineafóbacha chun tosaigh i roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, le teacht isteach líon mór iarrthóirí tearmainn agus imirceach, agus leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta i bPáras agus i gCóbanhávan agus pleananna a cuireadh stop leo i roinnt Ballstát. Cé gur tháinig na sluaite amach chun fáilte a chur roimh theifigh agus dlúthpháirtíocht a léiriú, bhí agóidí poiblí agus ionsaithe foréigneacha ann chomh maith. Ar an iomlán, lean Ballstáit agus institiúidí AE lena gcuid iarrachtaí chun coireacht fuatha, ciníochas agus idirdhealú eitneach a chosc, agus dhírigh siad ar léiriú na nithe sin a chosc, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun feasacht a mhúscailt.**

#### Tuairimí ón FRA

Ag cuimhneamh ar léiriú ciníochais agus seineafóibe, cuimhneofar 2015 ar na hiarmhairtí a bhí ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta a maíodh gurb é an Stát Ioslamach a bhí freagrach astu, chomh maith le teacht isteach líon mór iarrthóirí tearmainn agus imirceach ó thíortha Moslamacha. Léiríonn an taighde atá ar fáil gur mó an seans go dtiocfaidh méadú ar eachtraí ciníochas agus seineafóbacha sna Ballstáit inar tháinig an líon is mó imirceach isteach iontu, agus beidh ar ghníomhaireachtaí um fhorghníomhú an dlí, córais ceartais choiriúil agus déantóirí beartais aghaidh a thabhairt air sin. Tá an méid sin tábhachtach maidir le hAirteagal 1 de Chinneadh Réime AE maidir le ciníochas agus Seineafóibe i ndáil leis na bearta nach mór do Bhallstáit a ghlacadh chun pionós a chur ar iompar ciníoch agus seineafóbach de dheoin. Le hAirteagal 4 (a) den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chinoch a Dhíothú, leagtar síos oibleagáid lena bhforáiltear do Stáit rannpháirteacha an Choinbhinsiúin pionós a chur ar ghríosú chun idirdhealú ciníoch faoin dlí, chomh maith le foréigean in aghaidh aon chine nó grúpa daoine.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas agus an seineafóibe, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE a chinntiú go ndéantar líomhaintí coire fuatha nó fuathchaint a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thriail de réir na bhforálacha náisiúnta infheidhme agus, nuair is cuí, i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime maidir le ciníochas agus seineafóibe, oibleagáidí Eorpacha agus idirnáisiúnta i réimse chearta an duine, chomh maith le cásdlí ábhartha ECtHR maidir le fuathchaint.*

Trí shonraí maidir le heachtraí idirdhealaithe eitnigh, coireacht fuatha agus fuathchaint a bhailiú agus a dhí-chomhbhailiú go córasach, is ea is fearr a chuirfear chun feidhme an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe. Ar bhonn na sonraí sin, is féidir freagairtí spriocdhírith beartais a fhorbairt chun idirdhealú eitneach agus coireacht fuatha a chosc. Tá tuilleadh fianaise i gcásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus cúirteanna náisiúnta ó 2015 gur féidir leas a bhaint as a leithéid de shonraí chun idirdhealú eitneach agus inspreagadh chiníoch a léiriú, agus déantóirí na coire a choimeád cuntasach as. Faoi Airteagal 6 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chinoch a Dhíothú, ghlac Ballstáit AE leis an oibleagáid chun cosaint éifeachtach agus leigheas d'íospartaigh a chinntiú. Ach tá easnaimh ann i gcónaí maidir leis an gcaoi a ndéanann Ballstáit AE taifead ar eachtraí idirdhealaithe agus coireachta ciníche.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun freagairtí dlíthiúla agus beartais bunaithe ar fhianaise a fhorbairt, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE iarrachtaí a dhéanamh chun sonraí maidir le hidirdhealú eitneach agus coireacht fuatha a bhailiú ar bhealach go bhféadfar iad a chur i gcomparáid idir tíortha. Leanfaidh FRA ag obair leis na Ballstáit chun tuairisciú agus taifeadadh ar idirdhealú eitneach nó eachtraí coireachta fuatha a fheabhsú. I measc na sonraí nach mór a bhailiú, tá cúiseanna éagsúla spreagtha claonta, chomh maith le gnéithe eile ar nós láthair na n-eachtraí agus faisnéis gan tréithe pearsanta luaithe ar íospartaigh agus déantóirí na coire. D'fhéadfaí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras sin*

*agus iad a fheabhsú d'fhonn cur le deiseanna d'iospartaigh chun leigheas a iarraidh. D'fhéadfaí sonraí staidrimh comhiomlána a thaifead agus a chur ar fáil go poiblí, ón imscrúdú go dtí céim na pianbhreithe sa chóras ceartais choiriúil.*

Cé go bhfuil an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe agus an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch i bhfeidhm i ngach Ballstát, bhí daoine de ghrúpaí mionlaigh agus imircigh agus iarrthóirí tearmainn ag fulaingt de bharr ciníochais agus idirdhealaithe eitnigh in 2015, go háirithe i réimse an oideachais, na fostaíochta, agus rochtain ar sheirbhísí, ar nós tithíochta. Agus rinneadh próifiliú ar bhonn idirdhealaithe ar dhaoine de ghrúpaí mionlaigh eitnigh in 2015, in ainneoin go bhfuil an cleachtas sin ag teacht salach ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdehalaithe Chiníoch a Dhíothú, agus neamhdhleathach faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus príonsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe, de réir mar a léirmhíneáir í i gcásdlí an ECtHR. Le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdehalaithe Chiníoch a Dhíothú, éilítear ar Bhallstáit AE oideachas éifeachtach a chinntiú chun réamhchlanadh atá ina gcúis le hidirdhealú ciníoch a chomhrac.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an idirdhealú ar bhealach níos éifeachtaí, is é tuairim FRA go bhféadfadh Ballstáit AE, mar shampla, feasacht a mhúscailt agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil d'oifigigh phoiblí agus daoine gairmiúla, go háirithe oifigigh um fhorghníomhú an dlí agus baill foirne ceartais choiriúil, chomh maith le múinteoirí, lucht cúraim sláinte agus údarás tithíochta, fostóirí agus gníomhaireachtaí fostaíochta. Ba cheart do ghnólachtaí dá leithéid a chinntiú go bhfuil siad feasach ar na cearta agus an reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe.*

Rinne comhlachtaí comhionannais i mBallstáit éagsúla den Aontas Eorpach doiciméid faisnéise agus treorach a fhorbairt in 2015 chun feasacht a mhúscailt maidir le hidirdhealú eitneach a chomhrac. Ainneoin na hoibleagáide dlíthiúla faoi Airteagal 10 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch i ndáil le faisnéis a scaipeadh, ní leor feasacht an phobail chun go mbainfí leas as reachtaíocht maidir le hidirdhealú eitneach.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar an easpa feasachta ar chomhlachtaí um chomhionannas agus ar an reachtaíocht ábhartha, is é tuairim an FRA go bhféadfadh Ballstáit AE gníomhaíochtaí chun feasacht a mhúscailt maidir le reachtaíocht AE agus náisiúnta um chiníochas agus idirdhealú eitneach a threisiú. Ba cheart comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla amhail comhlachtaí comhionannais, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumann, fostóirí agus grúpaí eile daoine gairmiúla a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí sin.*

Léirítear i bhfianaise ó 2015 nach bhfuil dóthain fáil ar réitigh agus gur minic a bhíonn pionós ar idirdhealú agus coireacht fuatha rólag le bheith éifeachtach agus athchomhairleach. Dá bhrí sin, teipeann ar na leighis sin an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a chomhlíonadh, a bhfuil Airteagal 6 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdehalaithe Chiníoch a Dhíothú mar bhonn leo. Thairis sin, níl ann do chomhlachtaí comhionannas atá inniúil chun pionós a ghearradh agus moltaí a eisiúint i gcás idirdhealú eitneach ach i ndornán Ballstát. Maidir le nósanna imeachta gearáin agus a mhéid is a éiríonn leo an damáiste atá déanta a dheisiú agus daoine a chur ó choir a dhéanamh, braitheann sé go mór ar cibé acu an féidir leis na comhlachtaí chun díospóidí a réiteach smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a eisiúint.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le rochtain ar an gcearta a fheabhsú, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE foráil a dhéanamh do smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcás sárú ar fhorálacha náisiúnta agus an Treoir um Chomhionannas Ciníoch agus an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a thrasú. Lena chois sin, d'fhéadfadh Ballstáit AE breithniú a dhéanamh ar údarás na gcomhlachtaí comhionannais a leathnú, ar comhlachtaí iad nach féidir gníomhú ar bhealach garbhreithiúnach faoi láthair, tríd an gcumhacht a thabhairt dóibh chun cinní ceangailteacha a eisiúint. D'fhéadfadh comhlachtaí comhionannais monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú smachtbhannaí a eisiúint na cúirteanna agus binsí speisialaithe.*

## 4 Lánpháirtíú na Romach

**Tá idirdhealú agus frithghiofógachas ag dul chun dochar cuid mhór de na sé mhilliún Romach in AE i gcónaí. Bhí sárúithe ar chearta bunúsacha a chuir bac ar lánpháirtíú na Romach ar ceann de na príomhscéalta nuachta in 2015. Neartaigh cuid de Bhallstáit AE cur chun feidhme a gcuid straitéisí náisiúnta um lánpháirtíocht Romach (NRISanna) ag díriú ar ghníomhartha áitiúla agus ag forbairt meicníochtaí monatóireachta. Agus d'aithin Ballstáit na dúshlán shonracha roimh mhná Romacha. Bhí Romaigh as tíortha lár agus oirthear na hEorpa a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit in iarthar na hEorpa faoi chaibidil in 2015, agus plé á dhéanamh ar chleachtais chun lánpháirtíocht áitiúil grúpaí éagsúla Romach a fheabhsú i dtaca leis an gceart chun saorghluaiseachta agus comhar trasnáisiúnta ar bhearta lánpháirtíochta.**

### Tuairimí ón FRA

Meastar gurb é bunadh eitneach an chéad fhoras idirdhealaithe de réir na sonraí ó 2015. Tá an neamh-idirdhealú i measc chearta na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le roinnt ionstraimí ginearálta agus sonracha Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Go háirithe, in Airteagal 2 (1) (e) den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirhealaithe Chinióch a Dhíothú, ina bhfuil gach ceann de 28 mBallstát AE rannpháirteach, dearbhaítear an tiomantas chun “gach beart a ghlacadh gan mhóill chun bacainní idir ciníochas a dhíothú, agus cur in éadan aon ní a d’fhéadfadh deighilt na gciniócha a neartú a dhíspreagadh”. In 2015, chuir na hinstiúidí Eorpacha, Parlaimint na hEorpa ina measc, na fadhbanna a bhaineann le leithcheal trasnach faoin spotsolas agus mhol siad do Bhallstáit AE tuilleadh bearta a chur chun feidhme chun frithghiofógachas agus leithcheal trasnach a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar chás na mban agus na gailíní Romach.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun idirdhealú in aghaidh na Romach agus frithghiofógachas a chomhrac, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE bearta sonracha a ghlacadh chun idirdhealú eitneach in aghaidh na Romach a chomhrac i gcomhréir leis an Treoir um Chomhionannas Ciníoch agus frithghiofógachas i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán roimh mhná agus cailíní Romacha, d’fhéadfadh na Ballstáit bearta sonracha do mhná agus cailíní Romacha a áireamh i straitéisí náisiúnta um lánpháirtíocht Romach (NRISanna) nó bearta a ghlacadh*

*chun leithcheal trasnach a chomhrac ar bhealach éifeachtach. Ba cheart do na Ballstáit cur chuige in aghaidh idirdhealaithe a ghlacadh agus na NRISanna á chur chun feidhme.*

Dúshlán eile ab ea dálaí maireachtála Romach ar saoránaigh AE iad, agus cónaí orthu i mBallstát eile, agus an dul chun cinn maidir lena lánpháirtíú. Léiríonn taighde FRA nach bhfuiltear ag díriú ar an bpobal sin sna bearta ginearálta. Mar thoradh air sin, is beag straitéisí áitiúil nó plean gníomhaíochta atá ann chun freastal ar riachtanais shonracha na saoránach AE sin.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán roimh Romaigh ar saoránaigh AE iad agus cónaí orthu i mBallstát eile den Aontas Eorpach, is é tuairim FRA go mbeadh tacaíocht ó Choiste na Réigiún agus ón gCoimisiún Eorpach ina cabhair chun cleachtais fhiúntacha a mhalartú idir réigiún agus bardais sna Ballstáit chónaithe agus sna Ballstáit tionscnaimh.*

*D’fhéadfadh Ballstáit tionscnaimh agus sprice breithniú a dhéanamh ar bhearta sonracha lánpháirtithe do shaoránaigh Romacha AE a bhogann isteach agus a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile sna straitéisí náisiúnta um lánpháirtíú na Romach (NRIS) nó bearta. Ba cheart comhar agus comhordú idir na húdaráis áitiúla sna Ballstáit chónaithe agus na Ballstáit tionscnaimh a bheith i measc na mbearta sin.*

Tá an rannpháirtíocht ar cheann de na príomhphriomsabail de Chur Chuige bunaithe ar Chearta an Duine, mar a áitíonn Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe agus a chumhdaítear sna 10 mBunphriomsabal

Coiteann maidir le Lánpháirtíú na Romach. Léiríonn taighde FRA go ndearnadh iarrachtaí in 2015 chun ról a thabhairt do dhaoine áitiúla, idir Romaigh agus daoine nach Romaigh iad, i ngníomhaíochtaí comhchoiteanna áitiúla in éineacht leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha. Ach níl aon chur chuige sistéamach i bhfeidhm maidir le caidreamh a bhunú le Romaigh ar fud na mBallstát; is mór an difríocht idir struchtúir comhoibrithe éagsúla, go háirithe maidir le NRISanna agus úsáid maoinithe AE.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun rannpháirtíocht ghníomhach na Romach a chinntiú, is é tuairim FRA gur cheart do na húdaráis phoiblí, go háirithe ar leibhéal áitiúil, bearta a ghlacadh chun comhtháthú agus muinín a chothú sa phobal, ina mbeadh cónaitheoirí áitiúla páirteach, chomh maith leis an tsochaí sibhialta, trí iarrachtaí sistéamacha chun caidreamh a bhunú leo. Ach bearta dá leithéid a ghlacadh, is féidir rannpháirtíocht na Romach i bpróisis áitiúla lánpháirtithe a fheabhsú, go háirithe lena gcuid riachtanas féin a aithint, agus freagraí a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil.*

Tá cleachtais éagsúla i bhfeidhm maidir le monatóireacht ar phleananna áitiúla gníomhaíochta nó bearta áitiúla laistigh de Bhallstáit AE, agus ar fud AE chomh maith. I mBallstáit áirithe, is é an rialtas lánach atá freagrach as na beartais áitiúla sin a chur chun feidhme, agus i mBallstáit eile, is iad na gníomhairí áitiúla atá freagrach as, agus is minic nach leor na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil chuige sin. Tá éagsúlacht ann chomh maith maidir le leibhéal rannpháirtíochta na Romach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bpróisis mhonatóireachta, agus cáilíocht na dtáscairí a úsáidtear.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta áitiúla nó na bearta áitiúla, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE moltaí maidir le lánpháirtíú éifeachtach na Romach sna Ballstáit a chur chun feidhme, mar a ghlacadh sa Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí an 8 agus an 9 Nollaig 2013. Aon fhéinmheasúnú trí mhonatóireacht agus measúnú neamhspleách, ina bhfuil eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ionadaithe Romacha rannpháirteach, ba cheart dó a bheith ag teacht le straitéisí náisiúnta um lánpháirtíocht na Romach (NRISanna). Bhainfeadh na páirtithe leasmhara áitiúla tairbhe as oiliúint dírithe ar chleachtas maidir le modhanna monatóireachta agus táscairí chun dul chun cinn sa phobal ar a bhfuiltear ag díriú a thomhas.*



## 5 An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí

*Tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta ar oifigí na hirise Charlie Hebdo, na traenach Thalys agus áiteanna éagsúla i bPáras i Samhain 2015, treisíodh na héilimh chun acmhainní níos fearr a thabhairt do na húdaráis slándála. Rinneadh moltaí chun acmhainn teicneolaíochta na seirbhísí faisnéise a neartú, rud a spreag díospóireacht maidir le príobháideacht agus sonraí pearsanta a chosaint agus riachtanais slándála á gcomhlíonadh. Thug Ballstáit AE aghaidh ar an dúshlán sin sna díospóireachtaí maidir le hathchóiriú reachtaíochta, go háirithe maidir le sonraí a choimeád. Rinne reachtóir an Aontais dul chun cinn nach beag maidir le pacáiste AE um chosaint sonraí, ach d'aontaigh sé freisin glacadh leis an Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), lena ngabhann impleachtaí soiléire maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta. Dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) ag an am céanna an tábhacht a bhaineann le cosaint sonraí in AE i mbreithiúnas cinniúnach maidir le haistriú sonraí chuig tríú tíortha.*

### Tuairimí ón FRA

Tá roinnt Ballstát ag déanamh athchóirithe ar an gceart dlíthiúil maidir le faisnéis, mar a léiríonn taighde FRA, ar athchóiriú é atá bunaithe ar iarratas ó Pharlaimint na hEorpa chun anailís ar chearta bunúsacha a dhéanamh sa réimse sin. Is minic a spreagtar a leithéid d'athchóiriú nuair a thugtar tuilleadh cumhachta agus acmhainní teicneolaíochta do sheirbhísí slándála agus faisnéise. Dá bharr sin, d'fhéadfaí cumhachtaí fiosrúcháin na seirbhísí sin a mhéadú, go háirithe fad is a bhaineann siad le cearta bunúsacha maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta, arna ráthú ag Airteagal 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR), Airteagal 17 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR) agus Airteagal 12 den Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine chomh maith le rochtain ar leigheas éifeachtach, atá cumhdaithe in Airteagal 47 de Chairt AE agus Airteagal 13 de ECHR.

Éilíonn CJEU agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) bearta cosanta dlíthiúla bunriachtanacha agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ag seirbhísí faisnéise ar mhaithe le cuspóir atá ar leas an phobail, ar nós an tslándáil náisiúnta a chosaint. Áirítear leis na bearta cosanta sin: ráthaíochtaí substainteacha agus nós imeachta maidir le riachtanas agus comhréireacht birt; maoirseacht neamhspleách agus meicníochtaí éifeachtacha sásaimh a chinntiú; agus na rialacha maidir le fianaise

a thabhairt faoi cé acu an bhfuil duine faoi fhaireachas nó nach bhfuil.

#### Tuairimí ón FRA

*D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a aithnítear maidir le príobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta, is é tuairim FRA, gur cheart do na Ballstáit, agus creataí dlíthiúla á n-athchóiriú, bearta cosanta ceart bunúsach a chumhdach sa reachtaíocht náisiúnta. Áirítear leo sin: ráthaíochtaí leordhóthanacha in aghaidh mí-úsáide, a bhfuil rialacha soiléire agus inrochtana a leagan síos i gceist leis; riachtanas beacht agus comhréireacht na modhanna chun an sprioc a bhaint amach; agus maoirseacht éifeachtach ó chomhlachtaí neamhspleácha maoirseachta agus meicníochtaí éifeachtacha sásaimh.*

Ó Eanáir 2012 i leith, tá idirbheartaíocht ar siúl ag institiúidí agus Ballstáit AE maidir le pacáiste cosanta sonraí AE. Leis an gcomhaontú polaitiúil a aontáidh i Nollaig 2015, cuirfead feabhas ar bhearta chun an ceart bunúsach chun cosaint sonraí pearsanta atá cumhdaithe in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha AE a fheabhsú. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh an pacáiste cosanta sonraí i bhfeidhm in 2018. Ansin, beidh ról níos mó fós ag na húdaráis cosanta sonraí chun an ceart chun cosaint sonraí a choimirciú. Is minic nach mbíonn íospartaigh féideartha sárúithe feasach ar a gcuid cearta chun cosaint sonraí ná ar na cineálacha leighis atá ann, mar a léiríonn taighde FRA.

#### Tuairimí ón FRA

*D'fhonn éifeachtúlacht cosanta príobháideachta agus sonraí pearsanta a fheabhsú, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE dóthain acmhainní airgeadais, teicniúla agus daonna a chur ar fáil d'údaráis neamhspleácha um chosaint sonraí, agus é a chur ar a gcumas a ról ríthábhachtach a chomhlíonadh chun sonraí pearsanta a chosaint agus feasacht a mhúscailt i measc íospartach maidir lena gcuid ceart agus na cineálacha leighis atá ar fáil. Le teacht isteach an rialacháin nua AE maidir le cosaint sonraí lena neartófar na húdaráis cosanta sonraí, tá sé níos tábhachtaí fós an méid sin a dhéanamh.*

Cé go raibh forbairtí in 2014 dírithe ar cé acu an gcoinneofar sonraí nó nach gcoinneofar iad, is é tuairim formhór na mBallstát in 2015 gurb é coinneáil sonraí an beart is éifeachtúla chun an tslándáil náisiúnta agus sábháilteacht an phobail a chinntiú, agus coireacht thromchúiseach a chomhrac. Ar bhonn an cásdlí is déanaí de chuid CJEU, tosaíodh arís ar dhíospóireacht maidir leis an tábhacht a bhaineann le sonraí a choinneáil d'údaráis forfheidhmithe dlí.

#### Tuairimí ón FRA

*In ainneoin na bpléití ar leibhéal AE maidir le cé acu ar cheart sonraí a choinneáil, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE na caighdeáin maidir le cearta bunúsacha dá bhforáiltear i gcásdlí CJEU a urramú sna creataí náisiúnta maidir le sonraí a choinneáil. Ba cheart seiceálacha beachta comhréireachta agus bearta cosanta nós imeachta cuí a áireamh ar mhaithe le croí na gceart chun phríobháideacht agus cosaint sonraí pearsanta a ráthú.*

Dhiúltaigh an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile de chuid Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Treoir AE PNR in Aibreán 2013, mar fhreagairt ar cheisteanna maidir le comhréireacht agus riachtanas, easpa beart cosanta sonraí agus trédhearcacht i leith paisinéirí. Agus sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach á gcomhrac, tháinig reachtóir AE ar chomhaontas maidir le Treoir AE PNR a ghlacadh in 2015. Tá bearta cosanta feabhsaithe sa téacs comhréitigh, mar a mhol FRA ina thuairim ó 2011 faoin gcóras bailiúcháin sonraí AE PNR. Ina measc, tá riachtanais feabhsaithe maidir le hintuarthacht, inrochtaineacht agus comhréireacht, chomh maith le tuilleadh beart cosanta sonraí a thabhairt isteach. Nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm, caithfear an Treoir a thrasú faoi cheann dhá bhliain.

#### Tuairimí ón FRA

*Is é tuairim FRA, agus iad ag fáil réidh chun an Treoir nua maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí a trasú, go bhféadfadh Ballstáit AE an deis a thapú chun bearta cosanta sonraí a fheabhsú lena chinntiú go mbeidh na caighdeáin is airde maidir le cearta bunúsacha i bhfeidhm. I bhfianaise an cásdlí is déanaí ó CJEU, ba cheart díriú go háirithe ar bhearta cosanta i leith leigheas éifeachtach agus maoirseacht neamhspleách a fheabhsú.*



## 6 Cearta an linbh

**Is iomaí dúshlán atá i gceist le teacht isteach na mílte leanaí in 2015, lena n-áirítear cosaint leanaí. Ba fhorbairt thráthúil iarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh treoir a thabhairt maidir le córais chomhtháite chun leanaí a chosaint. Agus 27.8 % de leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2014, is dúshlán nach beag é an sprioc bochtaineachta AE 2020 a bhaint amach. Bhí an úsáid a bhaineann leanaí as an Idirlíon agus na meáin shóisialta chun tosaigh ar an gclár beartais, agus b'údar imní ar leith iad na rioscaí lena mbaineann agus radacú daoine óga. Lean na Ballstáit orthu ag moladh tionscnaimh in aghaidh mí-úsáid ar líne agus faoi litearthacht ar an idirlíon, agus le pacáiste AE um chosaint sonraí atá le teacht, cuirfear tuilleadh beart cosanta chun cinn.**

### Tuairimí ón FRA

Cúig bliana roimh an spriocdháta atá socraithe sa straitéis AE 2020 chun bochtaineacht leanaí a laghdú, tá bochtaineacht leanaí fós thart ar an leibhéal céanna is a bhí in 2010. Fós, tá riosca níos airde bochtaineachta ann do leanaí i gcomparáid le daoine fásta. Éilíonn Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go mbeidh “ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail”. Cáineadh an Seimeastar Eorpach mar gheall nár thug sé dóthain airde ar an mbochtaineacht leanaí atá ann i gcónaí. Is ábhar dóchais é an fógra ón gCoimisiún in 2015 go bhforbrófar Colún Eorpach na gCearta Sóisialta, de bharr go bhfuil trácht ann d’fhorbairt reachtaíocht AE maidir le “cearta sóisialta” éagsúla, lena n-áirítear an ceart chun rochtain ar chúram leanaí agus sochair.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí, is é tuairim FRA gur cheart don Aontas Eorpach agus dá mBallstáit borradh a chur faoina n-iarrachtaí chun bochtaineacht leanaí a chomhrac agus dea-bhail leanaí a chur chun cinn. D’fhéadfaidís breithniú a dhéanamh ar iarrachtaí dá leithéid a chur i bhfeidhm i ngach réimse beartais ar mhaithe le gach leanbh, agus bearta sonracha a ghlacadh a dhíríonn ar leanaí i gcúinsí leochaileacha, amhail leanaí de bhunadh mionlaigh eitnigh, Romaigh imeallaithe, leanaí faoi mhíchumas, leanaí ag maireachtáil in instiúidí cúraim, leanaí i dteaghlach aontuiste agus leanaí i dteaghlach isealdéine oibre.*

*Ba cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit a mheas go gcuireann na bearta a ghlacadh faoin Seimeastar Eorpach le cosaint agus cúraim leanaí, mar is gá dá ndea-bhail, agus i gcomhréir leis an moladh ón gCoimisiún Eorpach*

*“Investing in children: Breaking the cycle of disadvantage” (Infheistiú i Leanaí: Timthriall an Mhíbhuntáiste a bhriseadh). D’fhéadfaidís na bearta sin éifeachtúlacht, líon, méid agus raon feidhme na tacaíochta sóisialta do leanaí agus tuismitheoirí a mhéadú, go háirithe iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.*

Tá tábhacht an Idirlíon agus na meán sóisialta de shíor ag méadú i saol an linbh, mar a léiríonn an taighde ó 2015. Gabhann deiseanna cumasaithe leis an réabhlóid dhigiteach, mar a thugtar uirthi, ar nós tionscnamh do rannpháirtíocht leanaí, ach tá rioscaí ag baint léi chomh maith, ar nós foréigean gnéasach, fuathchaint ar líne, scaipeadh íomhánna mí-úsáide gnéasaí leanaí agus cibearbhulaíochta. Éilíonn Rialachán AE maidir le cosaint sonraí, a thángthas ar chomhdhearcaidh polaitiúil ina thaobh in 2015, ar Bhallstáit AE agus ar an earnáil phríobháideach gníomhú chun na bearta cosanta leanaí a mbunaítear leis a chur chun feidhme.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an idirlíon, is é tuairim FRA go bhféadfaidís AE, i dteannta na mBallstát, breithniú a dhéanamh ar threoir a thabhairt maidir leis an mbealach is fearr chun bearta cosanta leanaí a chur i bhfeidhm, amhail an toiliú tuismitheora atá leagtha síos sa Rialachán maidir le cosaint sonraí. Ní mór do na bearta cosanta sin a bheith ag teacht le forálacha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh faoi chearta an linbh chun cosanta agus an ceart lena dtuairimí a nochtadh go saorálach (Airteagal 24 (1)).*

In 2015, leanadh leis na himeachtaí um shárú na Treorach (2011/93/AE) maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach leanaí agus pornagrafaíocht

leanaí in aghaidh seacht mBallstát den Aontas Eorpach. Léiríonn taighde de chuid FRA a eisíodh in 2015 go raibh cuid de na ráthaíochtaí nós imeachta i leith íospartach leanaí arna mbunú in Airteagal 23 agus in Airteagal 24 den Treoir maidir le híospartaigh i bhfeidhm i mBallstáit áirithe cheana, ach nach raibh siad á gcur i bhfeidhm go forleathan. Thángthas ar chomhdharcadh polaitiúil maidir le Treoir nua maidir le ráthaíochtaí nós imeachta do leanaí faoi amhras nó cúisithe in imeachtaí coiriúla ag deireadh 2015 agus is dócha go nglacfar é ag tús 2016.

#### Tuairimí ón FRA

*Mar bhreis ar an reachtaíocht is déanaí ón Aontas Eorpach um leanaí, is é tuairim FRA go bhféadfadh AE breithniú a dhéanamh ar threoir a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit maidir leis an gcaoi is fearr chun na hoibleagáidí sin a chur chun feidhme, agus Treoracha na Comhairle Eorpaí maidir le ceartas do leanaí á gcur i gcuntas freisin. Leis an treoir sin, d'fhéadfaí díriú ar bhearta cosanta sonracha do leanaí i gcúinsí leochaileacha, ar nós leanaí atá ag bogadh, leanaí de bhunadh mionlaigh eitnigh, lena n-áirítear Romaigh agus leanaí faoi mhíchumas. Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go bhfuil an Treoir maidir le híospartaigh á cur chun feidhme go héifeachtach acu, go háirithe Airteagal 23 agus Airteagal 24, trí dhóthain acmhainní a chur ar fáil chun tabhairt faoi ghnéithe áirithe ar nós oiliúint (Airteagal 25), gairmthreoir agus riachtanais ábhair (e.g. infhaighteacht teicneolaíochta cumarsáide, Airteagal 23), go léir i gcomhréir leis an gceart chun cosaint leanaí faoi Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.*





## 7 Rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear cearta d'íospartaigh na coireachta

*Agus forbairtí i mBallstáit áirithe AE ina gcúis imní, lean na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa agus AE lena n-iarrachtaí chun smacht reachta a neartú, lena n-áirítear neamhspleáchas na mbreitheamh agus seasmhacht na gcóras ceartais. Threisigh roinnt Ballstát cearta daoine ionchúisithe agus faoi amhras d'fhonn reachtaíocht thánaisteach AE a thrasú. Ba é 2015 an spriocdháta do Bhallstáit chun an Treoir maidir le cearta íospartach a thrasú, ach bhí tuilleadh oibre ag teastáil chun athrú éifeachtach a bhaint amach d'íospartaigh na coireachta. Ag an am céanna, thug na Ballstáit bearta tábhachtacha isteach chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac, agus chuir an Coimisiún Eorpach a chuid pleananna in iúl maidir le haontachas féideartha AE le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl).*

### Tuairimí ón FRA

Is cuid agus réamhriachtanas é an smacht reachta chun na bunluachanna ar fad a liostaítear in Air-teagal 2 TEU a chosaint, agus is riachtanas é chun cearta bunúsacha de bhun Chonarthaí AE agus oible-agáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chosaint. Lean na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa agus an tAontas Eorpach lena n-iarrachtaí chun an smacht reachta a neartú, lena n-áirítear béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas na mbreitheamh agus seasmhacht na gcóras ceartais ar fud AE. Ach tháinig roinnt cúiseanna imní chun cinn maidir leis an smacht reachta mar gheall ar fhorbairtí i mBallstáit áirithe den Aontas Eorpach in 2015, atá cosúil leo siúd a bhí ann sna blianta roimhe seo.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun dul i ngleic leis na húdair imní a d'ardaigh roinnt Ballstát in 2015 agus chun géarchéimeanna smachta reachta a chosc go ginearálta, is é tuairim FRA nach mór do na gníomhairí uile ar leibhéal náisiúnta, rialtais san áireamh, níos mó a dhéanamh chun an smacht reachta a urramú agus a neartú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar ghníomhú go coinsiasach ar bhonn comhairle ó mheicníochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta um monatóireacht ar chearta an duine. D'fhéadfadh malartú rialta leis an Aontas Eorpach, agus i measc na mBallstát féin, ar bhonn critéir inchomparáide oibiachtúil (amhail táscairí) agus measúnaithe comhthéacs, a bheith ina ghné thábhachtach chun fadhbanna smachta reachta a mhaolú nó a chosc sa toadhchái.*

Agus Treoracha AE maidir le haistriúchán agus ateangaireacht, agus an ceart chun faisnéise i nósanna imeachta coireachta á dtrasú, shocraigh an chuid is mó de Bhallstáit AE leasúcháin a mholadh, mar a léiríonn torthaí FRA. Rinne siad an méid sin chun tuilleadh soiléirithe a dhéanamh maidir le meicníochtaí áirithe; chun dul i ngleic le heasnaimh nó saincheisteanna a tháinig chun cinn maidir le cur chun feidhme na ndlíthe sin; nó lena raon feidhme a athshainiú. Ach léiríonn an taighde go bhfuil easnaimh ann fós maidir le bearta a ghlacadh.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun cearta nós imeachta ar nós an ceart chun aistriúcháin nó chun faisnéise a chinntiú mar chearta praiticiúla agus éifeachtacha ar fud AE, is é tuairim FRA gur cheart don Choimisiún Eorpach agus do chomhlachtaí eile AE oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun treoir a thabhairt maidir le gníomhartha reachtaíochta agus beartais sa réimse seo, lena n-áirítear cleachtais náisiúnta a mhalartú idir na Ballstáit. I dteannta athbhreithniú a dhéanamh ar an gceart reachtaíochta i leith threoracha AE maidir leis an gceart chun aistriúcháin agus ateangaireachta, agus an ceart chun faisnéise sna nósanna imeachta coiriúla, is é tuairim FRA gur cheart do Bhallstáit AE níos mó a dhéanamh sna blianta amach anseo mar bhreis ar a n-iarrachtaí reachtaíochta chun bearta praiticiúla a ghlacadh ar nós treoir agus cúrsaí oiliúna a thabhairt do ghníomhairí ceartais choiriúil maidir leis an dá threoir.*

Ar aon dul le trasú na Treorach um Chearta na nÍospartach (2012/29/AE), ghlac na Ballstáit roinnt

céimeanna tábhachtacha in 2015 chun cearta agus caighdeán na treorach a chur chun feidhme. Ach léiríonn taighde de chuid FRA go bhfuil easnaimh nach beag ann fós, ar nós cur i bhfeidhm praiticiúil na faisnéise a thugtar d'íospartaigh (Airteagal 4), seirbhísí tacaíochta a bhunú agus a chur ar fáil saor in aisce (Airteagal 8 agus Airteagal 9) agus measúnú aonair na n-íospartach a dhéanann na póilíní (Airteagal 22). Tá bearta ábhartha fós le glacadh ag an gcuid is mó de na Ballstáit agus an treoir á trasú sa dlí náisiúnta.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le híospartaigh na coireachta a chumasú agus a chumhachtú lena gcuid cearta a éileamh, is é tuairim FRA gur cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann fós sa Chreat dlíthiúil agus institiúideach gan mhoill. Ar aon dul lena gcuid oibleagáidí faoin Treoir maidir le cearta íospartach, ba cheart dóibh acmhainní agus maoiniú seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh ar a bhfuil rochtain ag gach íospartach coireachta saor in aisce a threisiú.*

Rinneadh dul chun cinn in 2015 maidir le haitheantas an fhoréigin in aghaidh ban mar shárú ar chearta an duine, rud a léiríonn prionsabal an chomhionannais ar fhoras inscne, dínit an duine agus an ceart chun na beatha, nuair a dhaingnigh Ballstáit AE Coinbhinsiún Iostanbúl agus a d'fhógair an Coimisiún Eorpach "Treochlár maidir le haontachas féideartha AE leis an gCoinbhinsiún". Ach tá gá ann fós le bearta dlíthiúla agus beartais chun foréigean in aghaidh ban a chosc. D'úsáid an Coimisiún agus na Ballstáit aonair sonraí ó shuirbhé ar fud AE maidir le forleithne agus cineálacha foréigin in aghaidh ban chun argóint a dhéanamh ar son feabhas ar fhreagairtí dlíthiúla agus beartais chun foréigean in aghaidh ban a chomhrac.

#### Tuairimí ón FRA

*Ar mhaithe le feabhas a chur ar fhreagairtí dlíthiúla agus beartais chun dul i ngleic le foréigean in aghaidh ban, is é tuairim FRA go n-aontaíonn an tAontas Eorpach do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh ban agus foréigean baile (Coinbhinsiún Iostanbúl) a phlé, faoi mar atá leagtha amach i dtreochlár an Choimisiúin. Ba cheart do Bhallstáit AE an coinbhinsiún a dhaingniú agus a chur chun feidhme go héifeachtach.*



## 8 Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

**Cúig bliana tar éis aontachas AE leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD), den chéad uair in 2015, rinne comhlacht conartha na Náisiún Aontaithe (NA), an Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (Coiste CRPD), athbhreithniú ar chomhlíonadh AE ar a chuid oibleagáidí um chearta an duine. Ina chuid tuairimí deiridh, leag an Coiste CRPD treoirphlean amach maidir leis na céimeanna breise nach mór don Aontas Eorpach a ghlacadh lena chuid oibleagáidí faoin gcoinbhinsiún a chomhlíonadh. Ar leibhéal náisiúnta, tá CRPD ag cur chun cinn réimse leathan próiseas athraithe agus na Ballstáit ag iarraidh a gcuid creatlaí dlíthiúla a chomhchuibhiú le caighdeáin an choinbhinsiúin. Is dócha go leanfar leis na próisis sin agus creataí monatóireachta arna mbunú faoi Airteagal 33 (2) den choinbhinsiún ag scrúdú na reachtaíochta le haghaidh comhoiriúnachta.**

### Tuairimí ón FRA

Ós rud é gurb é sin an chéad uair a rinne comhlacht conartha AE, Coiste CRPD, scrúdú ar chomhlíonadh AE lena chuid oibleagáidí idirnáisiúnta um chearta an duine, tá tábhacht ar leith ag baint le tuairimí deiridh CRPD ó thaobh ghealltanais AE um chomhionannas agus cearta an duine a urramú. Tá treoir i gceist leis na moltaí cuimsitheacha maidir le gníomhartha reachtaíochta agus polasáí ar fud réimse inniúlachta AE.

#### Tuairimí ón FRA

*D'fhonn CRPD a chur chun feidhme ina iomláine, is é tuairim FRA gur cheart d'institiúidí AE leas a bhaint as tuairimí deiridh Choiste CRPD mar dheis chun dea-shampla a thabhairt trí chur chun feidhme gasta de mholtaí an choiste a chinntiú. Ní mór don Choimisiún Eorpach, a dhéanann ionadaíocht ar son AE i leith an choinbhinsiúin, oibriú i ndlúthchomhar le hins-tiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE, chomh maith leis na Ballstáit chun iarchúram a dhéanamh maidir lena dtuairimí deiridh. D'fhéadfaí na modhanna comhoibríthe sin a leagan amach i straitéis cur chun feidhme de chuid CRPD, mar a mhol Coiste CRPD, agus sa Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 (nuashonraithe).*

Agus muid ag teannadh le comóradh 10 mbliana teacht isteach CRPD in 2016, léiríonn taighde gur chuir sé go mór le hathchóirithe dlíthiúla agus beartais ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta. Ach níl an cur chuige bunaithe ar chearta an duine a éilíonn an choinbhinsiún le feiceáil i ndlí agus beartas ar leibhéal AE agus náisiúnta.

#### Tuairimí ón FRA

*Chun aghaidh a thabhairt an easpa glacachta le cur chuige bunaithe ar chearta an duine, is é tuairim FRA gur cheart don Aontas Eorpach agus dá mBallstáit breithniú a dhéanamh ar iar-rachtaí a neartú lena gcreataí dlíthiúla a ailíniú le riachtanais CRPD. Mar a mholann Coiste CRPD, d'fhéadfaí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar a reachtaíocht chun comhchuibhiú iomlán le forálacha an choinbhinsiúin a chinntiú. D'fhéadfaí athbhreithnithe AE agus náisiúnta den sórt sin spriocanna soiléire agus amchláir a shocrú, a aithníonn na gníomhairí atá freagrach.*

Léiríonn na hathbhreithnithe a rinne Coiste CRPD ar AE, ar an gCróit, ar Phoblacht na Seice agus ar an nGearmáin in 2015 gur deis luachmhar atá i bpróiseas athbhreithnithe ó chomhlachtaí monatóireachta chun ionchur a fháil ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí do dhaoine

faoi mhíchumas. Tá dúshlán níos mó ag baint leis an leibhéal céanna rannpháirtíochta agus comhairle a choinneáil agus na tuairimí deiridh a gcur chun feidhme, i ngeall ar raon feidhme leathan mholtaí an choiste.

#### Tuairimí ón FRA

*D'fhonn an leibhéal sin rannpháirtíochta sa phróiseas athbheithnithe CRPD a choinneáil ar bun, is é tuairim FRA, gur cheart do Bhallstáit agus an tAontas Eorpach araon breithniú a dhéanamh ar comhairliúchán struchtúrtha agus sistéamach agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas. Ba cheart don chomhairliúchán a bheith inrochtana go huile is go hiomlán agus cead a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh ann, is cuma faoin gcineál lagaithe.*

Faoi dheireadh 2015, is san Fhionlainn, in Éirinn agus san Ísiltír amháin nár daingníodh CRPD, cé gur ghlac gach tír bearta nach beag chun na hathchóirithe atá riachtanach chun an Coinbhinsiún a dhaingniú. Tá ceithre Bhallstát eile, chomh maith leis an Aontas Eorpach, nach bhfuil an Prótacal roghnach a ghabhann le CRPD lena gcuirtear ar chumas do dhaoine aonair gearáin a thabhairt roimh Choiste CRPD daingnithe acu, cé go raibh an Coinbhinsiún daingnithe ag gach ceann acu faoi 2012.

#### Tuairimí ón FRA

*D'fhonn daingniú cuimsitheach CRPD a chinntiú is é tuairim an FRA gur cheart do na Ballstáit nach bhfuil an méid sin déanta acu céimeanna a ghlacadh go gasta chun na hathchóirithe deireanacha atá ag cur bac ar dhaingniú CRPD a ghlacadh. Ba cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit nach bhfuil an Prótacal roghnach glactha acu fós mar bhreis ar dhaingniú CRPD na bearta dlíthiúla is gá a dhéanamh chun an Prótacal roghnach a dhaingniú.*

Faoi dheireadh 2015, bhí ceithre cinn de na 25 Bhallstát a raibh CRPD daingnithe acu nach raibh comhlacht bunaithe nó ainmnithe acu chun an coinbhinsiún a chur chun feidhme agus a mhonatóiriú, mar a éilítear faoi Airteagal 33, de réir anailís chomparáideach FRA. Léiríonn an fhianaise go bhfuil easpa acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna ann, chomh maith le heaspa bunús dlí seasmhach maidir le hainmniú na gcomhlachtaí, ag cur bac ar obair na gcomhlachtaí atá bunaithe cheana, go háirithe na creataí monatóireachta faoi Airteagal 33 (2).

#### Tuairimí ón FRA


*Chun feabhas a chur ar mhonatóireacht ar oibleagáidí CRPD, is é tuairim FRA gur cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit uile breithniú a dhéanamh ar na creataí monatóireachta arna mbunú faoi Airteagal 33 (2) a leithdháileadh lena chur ar a gcumas dóthain acmhainní seasmhacha airgeadais agus daonna a leithdháileadh dóibh lena bhfeidhmeanna a chur i gcrích. Lena chois sin, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas na creataí monatóireachta a ráthú trína chinntiú go gcuirtear i gcuntas Prionsabail Pháras maidir le feidhmiú institiúidí um chearta an duine, mar a éilítear faoi Airteagal 33 (2), ó thaobh an chomhdhéanaimh agus an oibriúcháin de. Dá gcuirfí ar bun bunús dlí foirmiúil chun creataí a mhonatóiriú ar leibhéal AE agus náisiúnta, lena leagtar amach ról agus raon feidhme an chreata, thabharfaí tacaíocht dá neamhspleáchas. Na Ballstáit nach mór dóibh comhlachtaí Airteagail 33 a ainmniú fós, ba cheart dóibh é sin a dhéanamh a luaithe agus is féidir agus na hacmhainní agus an t-údarás is gá a thabhairt dóibh lena gcuid oibleagáidí a mhonatóiriú faoi CRPD.*











In 2015, thionscain agus lean an tAontas Eorpach (AE) agus a chuid Ballstát don iliomad tionscnamh chun cearta bunúsacha a chosaint agus a neartú. I *dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2016* ó FRA, déantar achoimre agus anailís ar mhórfhorbairtí agus tugtar tuairimí ón FRA i réimse na gceart bunúsach in AE ó Eanáir go Nollaig 2015. Ach an dul chun cinn atá déanta agus na constaicí atá ann fós á dtabhairt dá haire, tugann sí léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil tionchar orthu ar an díospóireacht faoi chearta bunúsacha ar fud AE.

Sa chuid sin den tuarascáil, díreann ar shaincheisteanna um thearmann agus imirce. Sna caibidlí eile, déantar plé ar an gCairt um Chearta Bunúsacha de chuid an Aontais Eorpaigh agus an úsáid a bhaineann na Ballstáit aisti; combhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas agus seineafóibe agus an éadulaingt lena mbaineann; lánpháirtíú na Romach; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas, lena n-áirítear cearta íospartaigh na coireachta; agus forbairtí i dtaca le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

## Tuilleadh faisnéise:

Chun teacht ar an Tuarascáil um chearta bunúsacha 2016 (*Fundamental Rights Report 2016*) iomlán ó FRA – féach <http://fra.europa.eu/en/publication/2016/fundamental-rights-report-2016>

foilseacháin ghaolmhara de chuid FRA chomh maith:

- FRA (2016), *Tuarascáil um chearta bunúsacha 2016 – Tuairimí ón FRA*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2016/fundamental-rights-report-2016-fra-opinions> (ar fáil i ngach ceann de 24 theanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh)
- FRA (2016), *Asylum and migration into the EU in 2015* (Tearmann agus imirce isteach san AE in 2015), Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2016/asylum-and-migration-european-union-2015> (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis)

I gcomhair tuarascálacha bliantúla FRA roimhe maidir le dúshlán agus gnóthú spriocanna i réimse na gceart bunúsach san Aontas Eorpach i gcomhair bliain ar leith, féach: <http://fra.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/annual-reports> (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis).



Oifig na bhFoilseachán

Grianghraf: © iStockphoto;  
An Coimisiún Eorpach; OSCE (Milan Obradovic)  
© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um  
Chearta Bunúsacha, 2016



Print: ISBN 978-92-9491-272-5, doi:10.2811/14638  
PDF: ISBN 978-92-9491-281-7, doi:10.2811/41271

## FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA

Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – An Ostair  
Teil +43 158030-0 – Facs +43 158030-699  
[fra.europa.eu](http://fra.europa.eu) – [info@fra.europa.eu](mailto:info@fra.europa.eu)  
[facebook.com/fundamentalrights](https://www.facebook.com/fundamentalrights)  
[linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency](https://www.linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency)  
[twitter.com/EURightsAgency](https://twitter.com/EURightsAgency)